

Tugadh mo choimhéad do chóigear

[Brian Ó Cuív: ‘An Invocation of Saints Peter and Paul’, *Éigse* 13, 52-58]

1 Tugadh mo choimhéad do chóigear,  
cogadh oirn is eadh do-niad,  
gabhaid ceannas ar an gcolainn,  
caraid fheallas orainn iad.

2 Mo lucht comtha ar cionn mo bhiodhbhadh  
bíd choidhche ’gam chur amach,  
gach buachail ’ga bhfoil ar bhfeitheamh  
uathaibh soin beithear ’gam brath.

3 Dias is triar tugadh dom choimhéad,  
a gcomann ní comhthach gar,  
ní is sia ní fhúigeabh gan áireamh  
cia an cúigear do dáileadh dhamh.

4 Na cóig cialla dar cóir m’fheitheamh  
fheallas orm, ní hadhbhar rúin,  
taobh ré a gcongnamh do mheall meise,  
dob fhearr foghnamh deise dhúin.

5 Ga beag dhamh díreach an creideamh  
's na cionta do chor dom aoidh  
dom breith suas go dún an Dúilimh  
dá ghlún thuas dom ghlúinibh gaoil?

6 M'anacal ar fheirg an Choimheadh  
an cóigear an gcéin bhus beó  
deacrach do Phól is do Pheadar  
gidh mór bpeacthach leagar leó.

7 Taobhadh m'anma rém aos cumtha  
is comhairle rén cóir taobh,  
sinn ag comhrag risin gcruiinne  
congmhad rinn a n-uille ar-aon.

8 Gabhadh agam mar fhear páirte  
Pól abstal, impidheach Dé;  
nó go mbear dána ar an Dúileamh  
m'fhear grádha múineadh mé.

9 Luan na breithe bím 'na oirchill,  
ionad saortha na sé gclann;  
reagar a leas, ós gá labhra,  
Peadar ar leas m'anma ann.

10 I ló an bhráith budh beag a fhoghnamh

iarraidh maithmhighe ar Mhac nDé;  
dob fhearr d'fhoghnámh don dá easpal  
congnámh leam suil meastar mé.

11 Madh caraid duid an dias óglach  
re híosa badh adhbhar sídh;  
do-ghéabhadh síodh ó Mhac Mhuire  
's ná bíodh lat acht duine dhíbh.

12 Dá thinne óir d'éis a ngairthe,  
dá ghéig abhla dar fhear cnuas,  
maith séan a n-eachtra lér oile,  
dá éan d'ealta an toighe thusa.

13 Maith do fhoghain dá n-aos chomtha  
an chomhairle ar ar chinn siad,  
druim do char re cuing an tsaoghail,  
dá dhamh fá chuing aondoimh iad.

14 D'eagla thuile dá thuinn uaille,  
an dá apstal nár fhaomh cion,  
oire dochair ar an dís-sin,  
fochain croidhe ísil d'fhior.

15 Suil rabh m'anam ar iocht námhad  
ní is taosga théighim fá ndíon;  
aca thogham mo theagh leabtha,  
dá fhear comhaill reachta an ríogh.

16 Dá áirithe fhear an domhain,  
an tan bhéarar breath an Luain,  
dá dhéis do dhamhna na n-abhlann  
tarla ar éis na n-anmann uain.

17 Maraid ar n-éag is é a gcosmhail,  
críoch a mbeathadh beag nach tós;  
atád ann a haithle a mbuana  
tairthe na gcrann mbuadha bhós.

18 Do chuireadar cúl ar aghaidh  
an dá abstal is ard glóir  
grádh an phobail dona peacthaibh,  
lámh fá obair ndeacraigh dhóibh.

19 Do-chuala nár chreid a seanmóir  
Síomón craoi nachar dhiúlt geis,  
do bhean sé a cheann as an chreideamh,  
gearn an ré do leigeadh leis.

20 “Éirghe i n-airde d'éis a chéile”,

do chan an draoi, doirbh an gníomh,  
“ar ghualainn nDé nó go ndeachar  
tualaing mé, leathan mo líon”.

21 Do gheall an draoi, díochra an t-ainbfios,  
don dá abstal anmhain thusa,  
tug an fáidh go néallaibh nimhe  
ar bhéalaibh cáigh sidhe suas.

22 Rug eitil a hucht an talmhan,  
téid i bhfad is fríoth a am,  
cúis ghrádha é don da easpal  
námha Dé do heasgradh ann.

23 Rug a-rís is an raon gcéadna  
ó chlár nimhe námha an ríogh  
gur bhuan re talmhain dá throighibh,  
amhlaidh fuair oidhidh más fhíor.

24 Fuair a dhiúltadh ó dhún nimhe  
an neach do bháidh briathra Dé;  
mo bhuan a hulcní badh fhaláir  
don lucht fuair mar anáir é.

25 Mór m’imshníomh dá n-oba Peadar  
páirt oram dá n-aithne ar dtal;  
smuainim go madh mór an mhíorbhal  
madh thualaing Pól díolghadh damh.

26 Madh áil adhradh d’iris chrábhaidh  
céim fá n-iocht is eadh fa dú,  
an saoghal is sé mo sheise;  
baoghal, a Dhé, an treise i dtú.